*An Coiste um Fhorbairt Réigiúnach*

**2018/0247(COD)**

21.1.2019

# TUAIRIM

ón gCoiste um Fhorbairt Réigiúnach

chuig an gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha

maidir leis an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA III)
(COM(2018)0465 – C8-0274/2018 – 2018/0247(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Joachim Zeller

PA_Legam

## LEASUITHE

Iarrann an Coiste um Fhorbairt Réigiúnach ar an gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha, mar an coiste atá freagrach, na leasuithe seo a leanas a chur san áireamh:

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (5) Infheistíocht sa tsíochán, i slándáil ***agus*** sa chobhsaíocht san Eoraip is ea beartas an Aontais um méadú. Cuireann sé deiseanna breise eacnamaíocha agus trádála ar fáil a rachaidh chun sochair fhrithpháirteach don Aontas agus do na stáit ar mian leo teacht isteach san Aontas. Tá tionchar cumhachtach claochlaitheach ar stát nuair a thuigtear dó go mbainfear ballraíocht den Aontas amach, rud a chuireann athruithe dearfacha daonlathacha, polaitiúla, eacnamaíocha ***agus*** sochaíocha i bhfeidhm. | (5) Infheistíocht sa tsíochán, sa tslándáil agus sa chobhsaíocht agus ***sa rathúnas*** san Eoraip is ea beartas an Aontais um méadú. Cuireann sé deiseanna breise eacnamaíocha agus trádála ar fáil a rachaidh chun sochair fhrithpháirteach don Aontas agus do na stáit ar mian leo teacht isteach san Aontas. Tá tionchar cumhachtach claochlaitheach ar stát nuair a thuigtear dó go mbainfear ballraíocht den Aontas amach, lena leabaítear athrú dearfach daonlathach, polaitiúil, eacnamaíoch***,*** sochaíoch ***agus comhshaoil***. |

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (6) D'athdheimhnigh an Coimisiún Eorpach an t-ionchas daingean do bhallraíocht den Aontas Eorpach do na Balcáin Thiar bunaithe ar fhiúntais an ionchais sin, ina Theachtaireacht uaidh, 'Peirspictíocht inchreidte faoi mhéadú le haghaidh na mBalcán Thiar agus rannpháirtíocht fheabhsaithe AE leis na Balcáin Thiar'[16]. Teachtaireacht láidir spreagúil do na Balcáin Thiar ar fad is ea é agus is léiriú é ar ghealltanas an Aontais | (6) D'athdheimhnigh an Coimisiún Eorpach an t-ionchas daingean do bhallraíocht den Aontas Eorpach do na Balcáin Thiar ***bunaithe*** ar fhiúntais agus ***ar athchóiriú***, ina Theachtaireacht uaidh, 'Peirspictíocht inchreidte faoi mhéadú le haghaidh na mBalcán Thiar agus rannpháirtíocht fheabhsaithe AE leis na Balcáin Thiar'[16]. Teachtaireacht láidir spreagúil do na Balcáin Thiar ar fad is ea é agus is léiriú é ar ghealltanas an Aontais |

Eorpaigh don todhchaí Eorpach seo acu.

[16] COIM(2018) 65 final ar fáil ag https://ec.europa.eu/commission/sites/beta-political/files/communication-credible-enlargement-perspective-western-balkans_en.pdf

Eorpaigh don todhchaí Eorpach seo acu.

[16] COIM(2018) 65 final ar fáil ag https://ec.europa.eu/commission/sites/beta-political/files/communication-credible-enlargement-perspective-western-balkans_en.pdf

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (7) Ba cheart cúnamh a sholáthar freisin i gcomhlíonadh na gcomhaontuithe arna dtabhairt i gcrích ag an Aontas leis na tairbhithe a liostaítear in Iarscríbhinn I. Ba cheart an cúnamh sin a dhíriú go príomha ar chúnamh a thabhairt do na 'tairbhithe' a liostaítear in Iarscríbhinn I chun institiúidí daonlathacha agus an smacht reachta a neartú, an bhreithiúnacht agus an riarachán poiblí a athchóiriú, cearta bunúsacha agus comhionannas inscne a urramú, caoinfhulaingt, cuimsiú sóisialta agus neamh-idirdhealú a chur chun cinn. Ba cheart go dtabharfadh an cúnamh tacaíocht do na prionsabail agus do na cearta ríthábhachtacha arna sainiú i gColún Eorpach na gCeart Sóisialta[17]. Maidir leis an gcúnamh, ba cheart leanúint de na hiarrachtaí chun an comhar réigiúnach, macrairéigiúnach agus trasteorann agus an fhorbairt chríochach a chur chun cinn leis, lena n-áirítear trí straitéisí macrairéigiúnacha an Aontais a chur chun feidhme. Ba cheart dó freisin a bhforbairt eacnamaíoch agus shóisialta agus rialachas eacnamaíoch a fheabhsú, rud a thabharfaidh buntaca do chlár oibre maidir le fás cliste, inbhuanaithe agus uilechuimsitheach trí fhorbairt réigiúnach, talmhaíocht agus forbairt tuaithe, beartais shóisialta agus fostaíochta agus forbairt an gheilleagair dhigitigh agus na sochaí digití | (7) Ba cheart cúnamh a sholáthar i gcomhréir na gcomhaontuithe arna dtabhairt i gcrích ag an Aontas leis na tairbhithe a liostaítear in Iarscríbhinn I. Ba cheart an cúnamh sin a dhíriú go príomha ar chúnamh a thabhairt do na ‘tairbhithe’ a liostaítear in Iarscríbhinn I chun institiúidí daonlathacha agus an smacht reachta a neartú, an bhreithiúnacht agus an riarachán poiblí a athchóiriú, cearta bunúsacha agus comhionannas inscne a urramú, caoinfhulaingt, cuimsiú sóisialta agus neamh-idirdhealú a chur chun cinn. ***Ar an lámh eile de,*** leis an gcúnamh ba cheart go leanfaí de thacaíocht a thabhairt dá n-iarrachtaí ***forbairt eacnamaíoch, shóisialta agus chríochach chomh maith le*** comhar trasteorann, macrairéigiúnach agus réigiúnach***, lena ndéanfaí cleachtais agus beartais ábhartha an Aontais a ghlacadh de réir a chéile, go háirithe na cinn sin a bhaineann le Beartas Comhtháthaithe, rud a rannchuideofaí le*** straitéisí macrairéigiúnach an Aontais a chur chun feidhme freisin. ***Thairis sin, le IPA III*** ba cheart dó freisin a bhforbairt eacnamaíoch agus shóisialta agus a rialachas eacnamaíoch a fheabhsú, rud a thabharfaidh buntaca do chlár oibre maidir le fás cliste, inbhuanaithe agus uilechuimsitheach, lena n-áirítear trí ***chláir ilbhliantúla a chur chun feidhme lena*** |

| | |
|---|---|
| a chur chun feidhme**,** i gcomhréir leis an dtionscnamh suaitheanta an Clár Oibre Digiteach do na Balcáin Thiar ***freisin***. | ***ndíreofar ar*** fhorbairt réigiúnach, talmhaíocht agus forbairt tuaithe, beartais shóisialta agus fostaíochta agus forbairt an gheilleagair dhigitigh agus na sochaí digití, i gcomhréir leis an dtionscnamh suaitheanta 'an Clár Oibre Digiteach do na Balcáin Thiar' freisin. |

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (8) Ba cheart don Aontas tacú leis an trasdul i dtreo an aontachais ar mhaithe le leas na dtairbhithe a liostaítear in Iarscríbhinn I, bunaithe ar an taithí atá ag na Ballstáit. Ba cheart don chomhar seo díriú go háirithe ar an taithí atá faighte ag na Ballstáit sa phróiseas athchóirithe a roinnt. | (8) Ba cheart don Aontas tacú leis an trasdul i dtreo an aontachais***, agus le rannpháirtíocht i mbeartas comhtháthaithe AE tar éis aontachas a bhaint amach,*** ar mhaithe le leas na dtairbhithe a liostaítear in Iarscríbhinn I, bunaithe ar an taithí atá ag a mBallstáit ***agus aird chuí á tabhairt ar na cásanna sonracha a bhaineann leo***. Ba cheart don chomhar seo díriú go háirithe ar an taithí ***agus na dea-chleachtais*** atá faighte ag na Ballstáit ***agus ag na tairbhithe a liostaítear in Iarscríbhinn I,*** sa phróiseas athchóirithe a chomhroinnt. |

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 10**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (10) Tá sé ríthábhachtach dlús a chur le comhar maidir le himirce lena n-áirítear bainistiú teorann, lena n-áirithítear rochtain ar chosaint idirnáisiúnta, faisnéis ábhartha a roinnt, na buntáistí a bhaineann le himirce a neartú, imirce dhleathach agus saothair a éascú, rialú teorann a fheabhsú agus ár n-iarrachtaí sa troid in aghaidh imirce mhídhleathach, gáinneáil ar neacha | (10) Tá sé ríthábhachtach dlús a chur le comhar maidir le himirce lena n-áirítear bainistiú teorann, lena n-áirithítear rochtain ar chosaint idirnáisiúnta, faisnéis ábhartha a chomhroinnt, na buntáistí a bhaineann le himirce a neartú, imirce dhleathach agus saothair a éascú, rialú teorann a fheabhsú***, cabhair dhaonnúil a chur ar fáil*** agus iarrachtaí a dhéanamh maidir leis an gcomhrac in aghaidh imirce |

daonna ***agus*** smugláil imirceoirí.

mhídhleathach, gáinneáil ar dhaoine, smugláil imirceach ***agus cineálacha eile coireachta***.

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 11**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (11) Na príomhdhúshláin atá ann don chuid is mó de na tairbhithe a liostaítear in Iarscríbhinn I an smacht reachta, lena n-áirítear an comhrac in aghaidh an éillithe agus na coireachta eagraithe, a neartú agus an dea-rialachas a neartú, lena n-áirítear an riarachán poiblí a athchóiriú, agus tá sin bunriachtanach chun go ndruidfeadh tairbhithe i dtreo an Aontais agus chun na hoibleagáidí a bhaineann le ballraíocht an Aontais a ghlacadh chucu féin ina n-iomláine dá éis sin. I bhfianaise go mbeidh na hathchóirithe atá le baint amach sna réimsí sin níos fadtéarmaí agus i bhfianaise an ghá atá le cuntais teiste a fhorbairt, ba cheart don chúnamh airgeadais faoin Rialachán seo aghaidh a thabhairt ar na ceanglais a chuirtear ar na tairbhithe a liostaítear in Iarscríbhinn I sa réimse sin a luaithe is féidir. | (11) Na príomhdhúshláin atá ann don chuid is mó de na tairbhithe a liostaítear in Iarscríbhinn I an smacht reachta, lena n-áirítear an comhrac in aghaidh an éillithe agus na coireachta eagraithe, a neartú agus an dea-rialachas a neartú, lena n-áirítear an riarachán poiblí a athchóiriú agus ***cumais riaracháin a dhaingniú***, agus tá sin bunriachtanach chun go ndruidfeadh tairbhithe i dtreo an Aontais agus chun na hoibleagáidí a bhaineann le ballraíocht an Aontais a ghlacadh chucu féin ina n-iomláine dá éis sin. I bhfianaise go mbeidh na hathchóirithe atá le baint amach sna réimsí sin níos fadtéarmaí agus i bhfianaise an ghá atá le cuntais teiste a fhorbairt, ba cheart don chúnamh airgeadais faoin Rialachán seo aghaidh a thabhairt ar na ceanglais a chuirtear ar na tairbhithe a liostaítear in Iarscríbhinn I sa réimse sin a luaithe is féidir. |

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 13**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (13) Is gá do na tairbhithe a liostaítear in Iarscríbhinn I a bheith ullmhaithe níos fearr chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin dhomhanda, amhail an fhorbairt inbhuanaithe ***agus*** an t-athrú aeráide, agus iad féin a ailíniú le hiarrachtaí an Aontais chun tabhairt faoi na saincheisteanna sin. | (13) Is gá do na tairbhithe a liostaítear in Iarscríbhinn I a bheith ullmhaithe níos fearr chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin dhomhanda, amhail an fhorbairt inbhuanaithe, ***cosaint an chomhshaoil,*** agus an t-athrú aeráide ***agus samhail gheilleagrach chiorclach an Aontais a*** |

Tá tábhacht ag baint le dul i ngleic leis an athrú aeráide i gcomhréir leis na gealltanais atá tugtha ag an Aontas Comhaontú Pháras agus Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a chur chun feidhme, agus léiriú air sin is ea é gur cheart go rannchuideodh an Clár seo chun na gníomhaíochtaí a dhéantar ar son na haeráide a phríomhshruthú i mbeartais an Aontais agus le baint amach na sprice arb é atá ann 25 % de chaiteachas bhuiséad an Aontais a bheith ag tacú le cuspóirí aeráide. Le gníomhaíochtaí faoin gClár seo, meastar go gcaithfear 16 % d'imchlúdach airgeadais foriomlán an Chláir ar chuspóirí aeráide. Sainaithneofar gníomhaíochtaí ábhartha le linn ullmhú agus cur chun feidhme an Rialacháin seo agus ba cheart go mbeadh an rannchuidiú foriomlán ón rialachán seo mar chuid de na meastóireachtaí agus na próisis athbhreithnithe ábhartha.

***oiriúnú*** agus iad féin a ailíniú le hiarrachtaí an Aontais chun tabhairt faoi na saincheisteanna sin. Tá tábhacht ag baint le dul i ngleic leis an athrú aeráide i gcomhréir leis na gealltanais atá tugtha ag an Aontas Comhaontú Pháras agus Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a chur chun feidhme, agus léiriú air sin is ea é gur cheart go rannchuideodh an Clár seo chun na gníomhaíochtaí a dhéantar ar son na haeráide a phríomhshruthú i mbeartais an Aontais agus le baint amach na sprice arb é atá ann 25 % de chaiteachas bhuiséad an Aontais a bheith ag tacú le cuspóirí aeráide. Le gníomhaíochtaí faoin gClár seo, meastar go gcaithfear 16 % d'imchlúdach airgeadais foriomlán an Chláir ar chuspóirí aeráide. Sainaithneofar gníomhaíochtaí ábhartha le linn ullmhú agus cur chun feidhme an Rialacháin seo agus ba cheart go mbeadh an rannchuidiú foriomlán ón rialachán seo mar chuid de na meastóireachtaí agus na próisis athbhreithnithe ábhartha.

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 16**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (16) Ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit comhlíonadh, comhchuibheas, agus comhlántacht a gcúnaimh a áirithiú, go háirithe trí chomhairliúcháin rialta agus trí mhalartuithe minice faisnéise le linn chéimeanna éagsúla an timthrialla cúnaimh. Ba cheart na bearta is gá a dhéanamh chun comhordú agus comhlántacht níos fearr a áirithiú, lena n-áirítear trí chomhairliúcháin rialta, le deontóirí eile. Ba cheart an ról atá ag an tsochaí shibhialta a fheabhsú sna cláir a chuirfear chun feidhme trí chomhlachtaí rialtais agus mar thairbhí díreach den | (16) Ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit comhlíonadh, comhchuibheas, agus comhlántacht a gcúnaimh a áirithiú, go háirithe trí chomhairliúcháin rialta agus trí mhalartuithe minice faisnéise le linn chéimeanna éagsúla an timthrialla cúnaimh. Ba cheart na bearta is gá a dhéanamh chun comhordú agus comhlántacht níos fearr a áirithiú, lena n-áirítear trí chomhairliúcháin rialta, le deontóirí eile. Ba cheart an ról atá ag an tsochaí shibhialta ***agus ag údaráis áitiúla agus réigiúnacha, go háirithe i réigiúin teorann AE, chomh maith le meáin*** |

| | |
|---|---|
| chúnamh ón Aontas. | ***shaora agus an earnáil phríobháideach*** a fheabhsú sna cláir a chuirfear chun feidhme trí chomhlachtaí rialtais agus mar thairbhí díreach den chúnamh ón Aontas. |

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 19**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (19) Ba cheart don trasdul ó bhainistiú díreach na gcistí réamhaontachais ag an gCoimisiún go bainistiú indíreach ag na tairbhithe a liostaítear in Iarscríbhinn I a bheith forásach agus i gcomhréir le cumas na dtairbhithe sin faoi seach. Ba cheart go leanfadh an cúnamh d'úsáid a bhaint as na struchtúir agus as na hionstraimí a chruthaigh go raibh fiúntas leo sa phróiseas réamhaontachais. | (19) Ba cheart don trasdul ó bhainistiú díreach na gcistí réamhaontachais ag an gCoimisiún go bainistiú indíreach ag na tairbhithe a liostaítear in Iarscríbhinn I a bheith forásach agus i gcomhréir le cumais na dtairbhithe sin faoi seach. Ba cheart go leanfadh an cúnamh d'úsáid a bhaint as na struchtúir agus as na hionstraimí a chruthaigh go raibh fiúntas leo sa phróiseas réamhaontachais. ***De bhreis air sin, ba cheart go maoineofaí le IPA III gníomhaíochtaí maidir le fothú acmhainne chun na struchtúir is gá a bhunú le haghaidh bainistíocht chomhroinnte tar éis aontachas a bhaint amach, lena n-áirítear trí chláir oibríochtúla píolótacha a chur chun feidhme via na struchtúir sin, ag díriú ar fhorbairt shóisialta agus eacnamaíoch arna múnlú ar na cleachtais AE ábhartha. Ba cheart go ndéanfadh an tAontas éascú ar mhalartú taithí agus dea-chleachtais i measc tairbhithe, agus i measc tairbhithe agus i measc ceann amháin nó níos mó de na Ballstáit.*** |

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 20**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (20) Ba cheart go bhféachfadh an tAontas leis an ***úsáid is éifeachtaí*** a bhaint ***as*** na hacmhainní atá ar fáil chun an tionchar is fearr is féidir a bheith ar a ghníomhaíocht sheachtrach. Ba cheart é sin a bhaint amach trí chomhtháthú agus trí chomhlántacht idir ionstraimí maoinithe seachtracha an Aontais, chomh maith le sineirgíochtaí chruthú idir beartais agus cláir eile de chuid an Aontais. Áirítear ar an méid sin, i gcás inarb iomchuí, comhtháthú agus comhlántacht maidir le chúnamh macra-airgeadais. | (20) Ba cheart go bhféachfadh an tAontas ***leis*** úsáid ***éifeachtach*** a bhaint as na hacmhainní atá ar fáil chun an tionchar is fearr is féidir a bheith ar a ghníomhaíocht sheachtrach. Ba cheart é sin a bhaint amach trí chomhtháthú agus trí chomhlántacht idir ionstraimí maoinithe seachtracha an Aontais, chomh maith le sineirgíochtaí a chruthú idir beartais agus cláir eile de chuid an Aontais. Áirítear ar an méid sin, i gcás inarb iomchuí, comhtháthú agus comhlántacht maidir le chúnamh macra-airgeadais ***agus le straitéisí macrairéigiúnacha an Aontais***. |

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 21**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (21) Chun an leas is mó is féidir a bhaint as an tionchar a bheidh ag na hidirghabhálacha le chéile chun cuspóir comhchoiteann a ghnóthú, ba cheart go mbeadh an Rialachán seo in ann rannchuidiú le gníomhaíochtaí faoi chláir eile de chuid an Aontais, a fhad agus nach gcumhdóidh na ranníocaíochtaí na costais chéanna. | (21) Chun an leas is mó is féidir a bhaint as an tionchar a bheidh ag na hidirghabhálacha le chéile chun cuspóir comhchoiteann a ghnóthú, ba cheart go mbeadh an Rialachán seo in ann rannchuidiú le gníomhaíochtaí faoi chláir eile de chuid an ***Aontais***, a fhad agus nach gcumhdóidh na ranníocaíochtaí na costais chéanna. |

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 24**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (24) Na cineálacha maoinithe agus na modhanna cur chun feidhme a úsáidfear faoin Rialachán seo, is ar bhonn a fhónta atá siad ó thaobh cuspóirí sainiúla na ngníomhaíochtaí a bhaint amach agus | (24) Na cineálacha maoinithe agus na modhanna cur chun feidhme a úsáidfear faoin Rialachán seo, is ar bhonn a fhónta atá siad ó thaobh cuspóirí sainiúla na ngníomhaíochtaí a bhaint amach agus |

| | |
|---|---|
| torthaí a bhaint amach ba cheart iad a roghnú, agus aird á tabhairt, go háirithe, ar chostais rialuithe, ar an ualach riaracháin, agus ar an riosca neamh-chomhlíontachta a bhfuiltear ag súil leis. Ba cheart cuimhneamh ar úsáid a bhaint as cnapshuimeanna, as rátaí comhréidhe agus as costais aonaid, agus as maoiniú nach mbaineann le costais dá dtagraítear in Airteagal 125(1) den Rialachán Airgeadais. | torthaí ***éifeachtacha*** a bhaint amach ba cheart iad a roghnú, agus aird á tabhairt, go háirithe, ar chostais rialuithe, ar an ualach riaracháin, agus ar an riosca neamh-chomhlíontachta a mheastar a bheith ann. Ba cheart cuimhneamh ar úsáid a bhaint as cnapshuimeanna, as rátaí comhréidhe agus as costais aonaid, agus as maoiniú nach mbaineann le costais dá dtagraítear in Airteagal 125(1) den Rialachán Airgeadais. |

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 26**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (26) Is minic a chuirtear gníomhaíochtaí seachtracha chun feidhme i dtimpeallacht an-ghuagach lenar gá oiriúnú leanúnach tapa do riachtanais chomhpháirtithe an Aontais atá ag teacht chun cinn agus do dhúshláin dhomhanda amhail cearta daonna, an daonlathas agus an dea-rialachas, an tslándáil agus an chobhsaíocht, athrú aeráide agus an comhshaol, agus imirce mhídhleathach agus na bunchúiseanna léi. Chun prionsabal na hintuarthachta agus an gá atá le freagairt go mear do riachtanais nua a thabhairt le chéile, ní mór cur chun feidhme airgeadais na gclár a oiriúnú dá bharr sin. Chun cur le cumas an Aontais freagairt do riachtanais neamhthuartha, agus urraim á tabhairt don phrionsabal go leagtar amach buiséad an Aontais gach bliain, ba cheart an deis a fhorchoimeád sa Rialachán seo chun an tsolúbthacht a chur i bhfeidhm, lenar féidir leis an Rialachán Airgeadais a chur i bhfeidhm maidir le beartais eile cheana féin, mar atá cistí a thabhairt anonn agus a athghealladh cistí a gealladh roimhe, chun a áirithiú go mbainfear úsáid éifeachtúil as cistí an Aontais le haghaidh shaoránaigh an Aontais agus na dtairbhithe a liostaítear in Iarscríbhinn I araon, agus chun an leas is | (26) Is minic a chuirtear gníomhaíochtaí seachtracha chun feidhme i dtimpeallacht an-ghuagach lenar gá oiriúnú leanúnach tapa do riachtanais chomhpháirtithe an Aontais atá ag teacht chun cinn agus do dhúshláin dhomhanda amhail cearta daonna, an daonlathas agus an dea-rialachas, an tslándáil agus an chobhsaíocht, athrú aeráide agus an comhshaol***, tubaistí nádúrtha*** agus imirce neamhrialta agus na bunchúiseanna léi. Chun prionsabal na hintuarthachta agus an gá atá le freagairt go mear do riachtanais nua a thabhairt le chéile, ní mór cur chun feidhme airgeadais na gclár a oiriúnú dá bharr sin. Chun cur le cumas an Aontais freagairt do riachtanais neamhthuartha, agus urraim á tabhairt don phrionsabal go leagtar amach buiséad an Aontais gach bliain, ba cheart an deis a fhorchoimeád sa Rialachán seo chun an tsolúbthacht a chur i bhfeidhm, lenar féidir leis an Rialachán Airgeadais a chur i bhfeidhm maidir le beartais eile cheana féin, mar atá cistí a thabhairt anonn agus a athghealladh cistí a gealladh roimhe, chun a áirithiú go mbainfear úsáid éifeachtúil as cistí an Aontais le haghaidh shaoránaigh an Aontais agus na dtairbhithe a liostaítear in Iarscríbhinn I araon, agus chun an leas is |

| | |
|---|---|
| mó is féidir a bhaint as cistí an Aontais Eorpaigh, dá réir sin, le haghaidh idirghabhálacha ghníomhaíochtaí seachtracha an Aontais Eorpaigh. | mó is féidir a bhaint as cistí an Aontais Eorpaigh, dá réir sin, le haghaidh idirghabhálacha ghníomhaíochtaí seachtracha an Aontais Eorpaigh. |

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 29 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(29a) Is iad na cláir um chomhar trasteorann na cláir is feiceálaí de chuid na hIonstraime um Chúnamh Réamhaontachais agus is iad sin na cláir a bhfuil an cur amach is mó ag saoránaigh orthu agus dá thoradh sin d'fhéadfadh cláir um chomhar trasteorann feabhas suntasach a chur ar infheictheacht na gclár arna gcistiú ag AE sna stáit is iarrthóirí;*** |

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 31 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(31a) I bhfianaise an riosca méadaithe caimiléireachta i gcás tionscadail mhóra, is inmhianaithe, maidir le tionscadail a fhaigheann tacaíocht go mbeadh meascán cothrom tionscadal de mhéideanna éagsúla, agus béim á leagan ar thionscadail bheaga (go háirithe na tionscadail sin a úsáideann an modh LEADAR cruthaithe), ar cheart tús áite a thabhairt dóibh ar go leor cúiseanna eile (amhail a rannchuidiú le hinfheictheacht).*** |

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 33 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(33a) Ba cheart do na Ballstáit mar aon leis na tairbhithe agus na geallsealbhóirí a liostaítear in Iarscríbhinn I feasacht a mhúscailt maidir lena bhfuil bainte amach le cistiú ón Aontas agus an pobal i gcoitinne a chur ar an eolas dá réir sin. Tá gníomhaíochtaí cumarsáide agus infheictheachta ríthábhachtach chun gníomhaíocht an Aontais a léiriú ar an talamh agus ba cheart iad a bheith bunaithe ar fhaisnéis atá fíor, cruinn agus cothrom le dáta. Chun go mbeidh na ceanglais sin in-fhorfheidhmithe, ba cheart na húdaráis inniúla agus an Coimisiún a bheith in ann bearta ceartaitheacha a chur i bhfeidhm i gcás neamh-chomhlíonta.*** |

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Is é an aidhm a bheidh leis an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (‘IPA III’) tacú leis na tairbhithe a liostaítear in Iarscríbhinn I i nglacadh agus i gcur chun feidhme na n-athchóirithe polaitiúla, institiúideacha, dlí, riaracháin, sóisialta agus eacnamaíocha a theastaíonn ó na tairbhithe sin, cloí le luachanna an Aontais agus chun iad féin a chur i gcomhréir de réir a chéile le rialacha, caighdeáin, beartais agus cleachtais an Aontais d’fhonn ballraíocht a ghlacadh san Aontas, agus trína bhíthin sin cur lena gcobhsaíocht, lena slándáil agus lena rathúnas. | 1. Is é an cuspóir ginearálta a bheidh leis an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (‘IPA III’) tacú leis na tairbhithe a liostaítear in Iarscríbhinn I i nglacadh agus i gcur chun feidhme na n-athchóirithe polaitiúla, institiúideacha, dlí, riaracháin, sóisialta***, comhshaoil*** agus eacnamaíocha a theastaíonn ó na tairbhithe sin, cloí le luachanna an Aontais agus chun iad féin a chur i gcomhréir de réir a chéile le rialacha, caighdeáin, beartais agus cleachtais an Aontais d’fhonn ballraíocht a ghlacadh san Aontas, agus trína bhíthin sin cur lena gcobhsaíocht, lena slándáil agus lena rathúnas. |

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 –mír 2 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) An smacht reachta, daonlathas, urraim do chearta an duine, cearta bunúsacha agus an dlí idirnáisiúnta, an tsochaí shibhialta agus an tslándáil a neartú chomh maith le bainistiú imirce a fheabhsú lena n-áirítear bainistiú teorann; | (a) An smacht reachta, daonlathas, urraim do chearta an duine, cearta bunúsacha agus an dlí idirnáisiúnta, an tsochaí shibhialta***, meáin shaora agus neamhspleácha,*** agus an tslándáil a neartú chomh maith le bainistiú imirce a fheabhsú lena n-áirítear bainistiú teorann; |

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 2 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) Éifeachtacht an riaracháin phoiblí a threisiú agus tacú le hathchóirithe struchtúracha agus le dea-rialachas ar gach leibhéal; | (b) Éifeachtacht agus trédhearcacht an riaracháin phoiblí a threisiú***, dlús a chur le cumais riaracháin*** agus tacú le hathchóirithe struchtúracha agus le dea-rialachas ar gach leibhéal, ***ón leibhéal náisiúnta go dtí an leibhéal réigiúnach agus an leibhéal áitiúil***; |

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 2 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) Na rialacha, na caighdeáin, na beartais agus cleachtais na dtairbhithe a liostaítear in Iarscríbhinn I a mhúnlú i gcomhréir leo siúd de chuid an Choimisiúin agus athmhuintearas agus dea-chaidrimh a threisiú idir comharsanaigh, chomh maith le teagmhálacha agus cumarsáid idir daoine; | (c) Na rialacha, na caighdeáin, na beartais agus cleachtais na dtairbhithe a liostaítear in Iarscríbhinn I a mhúnlú i gcomhréir leo siúd de chuid an Choimisiúin agus athmhuintearas***, cothú na síochána*** agus dea-chaidrimh idir comharsanaigh a threisiú, chomh maith le teagmhálacha agus cumarsáid idir daoine; |

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 2 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) Forbairt eacnamaíoch agus shóisialta a neartú lena n-áirítear trí idirnascacht mhéadaithe agus forbairt réigiúnach, forbairt talmhaíochta agus tuaithe agus beartais shóisialta agus fostaíochta, chun cosaint comhshaoil a threisiú, buanseasmhacht a mhéadú in aghaidh an athraithe aeráide, dlús a chur leis an athrú i dtreo geilleagar ísealcharbóin ***agus*** an geilleagar digiteach agus an tsochaí dhigiteach a fhorbairt. | (d) Forbairt agus ***comhtháthú*** eacnamaíoch ***agus sóisialta a neartú bunaithe ar bheartais agus ar chleachtais ábhartha an Aontais Eorpaigh, lena dtabharfar tacaíocht d'ullmhú na dtairbhithe le haghaidh rannpháiríocht i mbeartas AE um chomhtháthú ar aontachas a bhaint amach,*** lena n-áirítear trí ***chláir oibríochtúla ilbhliantúla a dhíríonn ar*** nascacht mhéadaithe agus ar fhorbairt réigiúnach, forbairt talmhaíochta agus forbairt thuaithe agus beartais fostaíochta agus shóisialta, cosaint chomhshaoil a athneartú, athléimneacht i leith an athraithe aeráide a mhéadú, dlús a chur leis an aistriú i dtreo geilleagar ísealcharbóin agus an geilleagar agus an tsochaí dhigiteach ***agus coinníollacha maidir le forbairt fiontraíochta a chruthú.*** |

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 2 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) Tacú le comhar críochach agus trasteorann. | (e) Tacú le comhar críochach***, idir-réigiúnach*** agus trasteorann. |

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Féadfar an méid dá dtagraítear i mír 1 a úsáid le haghaidh cúnamh teicniúil agus riaracháin do chur chun feidhme an | 2. Féadfar an méid dá dtagraítear i mír 1 a úsáid le haghaidh cúnamh teicniúil agus riaracháin le haghaidh chur chun |

| | |
|---|---|
| Chláir, amhail gníomhaíochtaí ullmhúcháin, faireacháin, rialaithe, iniúchta agus meastóireachta lena n-áirítear córais chorparáideacha na teicneolaíochta faisnéise agus aon ghníomhaíochtaí a bhaineann le hullmhú an chláir a thiocfaidh i gcomharba air le haghaidh cúnamh réamhaontachais, i gcomhréir le hAirteeagal 20 de [Rialachán ICFCI]. | feidhme an Chláir, amhail gníomhaíochtaí ullmhúcháin, faireacháin, rialaithe, iniúchta agus meastóireachta lena n-áirítear córais chorparáideacha na teicneolaíochta faisnéise agus aon ghníomhaíochtaí a bhaineann le hullmhú an chláir a thiocfaidh i gcomharba air le haghaidh cúnamh réamhaontachais, i gcomhréir le hAirteeagal 20 de [Rialachán ICFCI]. ***Thairis sin, ba cheart méid is cothrom le 4 % den bhuiséad iomlán le haghaidh gníomhaíochtaí IPAIII atá á gcur chun feidhme a úsáid le haghaidh na gcineálacha céanna gníomhaíochtaí ar thionscnamh na n-údarás náisiúnta IPA III, agus é mar aidhm riachtanais maidir le clársceidealú, seachadadh na gclár a chumhdach agus acmhainn riaracháin agus acmhainní daonna a áirithiú.*** |

*Réasúnú*

*Tá na struchtúir institiúideacha atá i bhfeidhm ar IPA thíos leis de bharr easpa síoraí acmhainní a mhéid a bhaineann le hacmhainn daonna, eagraíochtaí agus beartais a fhorbairt. Tá easpa cistí i mbuiséid náisiúnta, tá moill ar athchóirithe riaracháin phoiblí a fhíorú, agus níl an fhadhb réitithe go dtí seo maidir le bearta spriocdhírithe um chúnamh teicniúil a áirítear i gcláir IPA. Mar fhreagairt air sin, mar aon le cúnamh teicniúil i mbeartas comhtháthaithe, ba cheart d'údaráis IPA leas a bhaint as leithdháileadh uathoibríoch a bheidh tiomnaithe d'fhothú bainistíochta agus acmhainne chun go mbeifear in ann aghaidh a thabhairt air le cur chuige straitéiseach.*

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Féadfar cúnamh faoi IPA III a thabhairt do na cineálacha gníomhaíochta dá bhforáiltear faoi Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus faoin gCiste Comhtháthaithe[30], faoi Chiste Sóisialta na hEorpa +[31] agus faoin gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe[32]. | 4. Féadfar cúnamh faoi IPA III a thabhairt do na cineálacha gníomhaíochtaí dá bhforáiltear faoi Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus faoin gCiste Comhtháthaithe[30], faoi Chiste Sóisialta na hEorpa+[31] agus faoin gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe[32]***, ar an leibhéal náisiúnta agus i gcomhthéacs trasteorann, trasnáisiúnta, idir-*** |

*réigiúnach nó macrairéigiúnach.*

---

[30] COIM(2018) 372 final Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus maidir leis an gCiste Comhtháthaithe.

[31] COIM(2018) 382 final Togra ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Ciste Sóisialta na hEorpa (ESF+)

[32] An togra COIM(2018) 392 final le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha arna dtarraingt suas ag na Ballstáit faoin gComhbheartas Talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha faoi CBT) agus arna maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

---

[30] COIM(2018) 372 final Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus maidir leis an gCiste Comhtháthaithe.

[31] COIM(2018) 382 final Togra ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (ESF+)

[32] An togra COIM(2018) 392 final le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha arna dtarraingt suas ag na Ballstáit faoin gComhbheartas Talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha faoi CBT) agus arna maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

*Réasúnú*

*Leis an leasú sin, tá sé soiléir go bhféadfar idirghabhálacha de chineál beartas comhtháthaithe a dhéanamh ní hamháin i gcomhthéacs trasteorann ach i gcomhthéacs náisiúnta – mar chuid d'ullmhúchán gach tairbhí le haghaidh beartas comhtháthaithe AE, agus é mar aidhm aige cleachtais ábhartha Eorpacha a chur i bhfeidhm ar fhorbairt shocheacnamaíoch.*

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Rannchuideoidh [CFRE][33] le cláir | 5. Rannchuideoidh [CFRE] le cláir nó |

| | |
|---|---|
| nó le bearta a bhunófar faoin Rialachán seo le haghaidh comhair thrasteorann idir na tairbhithe a liostaítear in Iarscríbhinn I agus na Ballstáit. Glacfaidh an Coimisiún na cláir agus na bearta sin i gcomhréir le hAirteagal 16. Cinnfear méid na ranníocaíochta ó IPA-CBC de bhun Airteagal 10(3) de [Rialachán ETC]. Bainisteofar cláir IPA-Comhar Trasteorann i gcomhréir le [Rialachán ETC]. | le bearta a bhunófar faoin Rialachán seo le haghaidh comhair thrasteorann idir na tairbhithe a liostaítear in Iarscríbhinn I agus na Ballstáit. Glacfaidh an Coimisiún na cláir agus na bearta sin i gcomhréir le hAirteagal 16. Cinnfear méid na ranníocaíochta ó IPA-CBC de bhun Airteagal 10(3) de [Rialachán ETC]. Bainisteofar cláir IPA-Comhar Trasteorann i gcomhréir le [Rialachán ETC]. ***Na tairbhithe dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo agus a n-údaráis áitiúla agus réigiúnacha, tugtar cuireadh dóibh páirt a ghlacadh sna cineálacha comhair dá bhforáiltear le Rialachán EGTC.*** |
| [33] COIM(2018) 372 final Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus maidir leis an gCiste Comhtháthaithe. | [33] COIM(2018) 372 final Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus maidir leis an gCiste Comhtháthaithe. |

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Leis na cláir agus na gníomhaíochtaí faoin gclár seo, príomhshruthófar an t-athrú aeráide, cosaint an chomhshaoil ***agus*** an chomhionannais inscne agus tabharfar aghaidh ar idirnaisc, i gcás is infheidhme, idir Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe[34], chun gníomhaíochtaí comhtháite a chur chun cinn lenar féidir comhthairbhí agus ilchuspóirí a chruthú ar bhealach comhleanúnach. | 2. Leis na cláir agus na gníomhaíochtaí faoin gclár seo, príomhshruthófar an t-athrú aeráide, cosaint an chomhshaoil agus an chomhionannais inscne***, éagsúlacht chultúrtha agus teanga*** agus tabharfar aghaidh ar idirnaisc, i gcás is infheidhme, idir Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe[34], chun gníomhaíochtaí comhtháite a chur chun cinn lenar féidir comhthairbhí agus ilchuspóirí a chruthú ar bhealach comhleanúnach. |
| [34] https://ec.europa.eu/europeaid/policies/sustainable-development-goals_ga | [34] https://ec.europa.eu/europeaid/policies/sustainable-development-goals_ga |

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4a. I gcomhar leis na Ballstáit, déanfaidh an Coimisiún na bearta is gá chun údaráis áitiúla agus réigiúnacha a rannpháirtiú i sainaithint agus roghnú chuspóirí sonracha an Rialacháin seo.*** |

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 2 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| An creat clársceidealaithe IPA, cuirfidh sé straitéisí náisiúnta ábhartha agus beartais earnála san áireamh de réir mar is cóir. | Leis an an gcreat clársceidealaithe IPA, tabharfar aird chuí ar straitéisí náisiúnta ***agus macrairéigiúnacha agus áitiúla*** ábhartha ***an Aontais*** agus beartais earnála san áireamh. |

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Cuirfear cúnamh faoi IPA III chun feidhme faoi bhainistíocht dhíreach nó faoi bhainistíocht indíreach i gcomhréir leis an Rialchán Airgeadais trí phleananna gníomhaíochta bliantúla nó ilbhliantúla agus trí bhearta dá dtagraítear i gCaibidil III de Theideal II de [Rialachán ICFCI]. Beidh feidhm ag Caibidil III de Theideal II de [Rialachán ICFCI] maidir leis an Rialachán seo seachas mír 1 d’Airteagal 24 [daoine incháilithe agus | 1. Cuirfear cúnamh faoi IPA III chun feidhme faoi bhainistíocht dhíreach nó faoi bhainistíocht indíreach i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais trí phleananna gníomhaíochta bliantúla nó ilbhliantúla agus trí bhearta dá dtagraítear i gCaibidil III de Theideal II de [Rialachán ICFCI]. Beidh feidhm ag Caibidil III de Theideal II de [Rialachán ICFCI] maidir leis an Rialachán seo seachas mír 1 d’Airteagal 24 [daoine incháilithe agus |

| | |
|---|---|
| eintitis]. | eintitis]. ***I gcás ina gcuirfí tacaíocht ar fáil trí thacaíocht bhuiséadach – de réir Airteagal 23 (1)(c) de Rialachán NDICI – trí chonarthaí feidhmíochta maidir le hathchóiriú earnála, úsáidfear cistí IPA III arna gcur ar fáil go hiomlán laistigh den earnáil lena mbaineann.*** |

*Réasúnú*

*Níor cheart go mbainfí úsáid as tacaíocht arna comhaontú trí thacaíocht bhuiséadach earnála i réimsí beartais eile, fiú má bhaintear amach na cuspóirí athchóirithe a comhaontaíodh le hinfheistíocht níos lú. Ina ionad sin, le cistí IPA III arna gcur ar fáil tríd an modh maoiniúcháin sin ba cheart go bhfreastlófaí ar chuspóirí athchóirithe sa réimse beartais ar díríodh air i dtosach.*

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Faoin Rialachán seo, féadfar pleananna gníomhaíochta a ghlacadh ar feadh tréimhse nach faide ná seacht ***mbliana***. | 2. Faoin Rialachán seo, féadfar pleananna gníomhaíochta a ghlacadh ar feadh tréimhse nach faide ná seacht ***mbliana***. ***Áirítear leis sin an fhéidearthacht cláir oibríochtúla phíolótacha ilbhliantúla le haghaidh forbairt shóisialta agus eacnamaíoch arna múnlú ar chleachtais bheartas comhtháthaithe an Aontais.*** |

*Réasúnú*

*Cuireadh an rogha maidir le 'cláir oibríochtúla' arna múnlú ar chleachtas beartais um chomhtháthú an Aontais ar fáil do thairbhithe IPA i dtreo dheireadh IPA I (timpeall 2012). Faoi IPA II, ba ann don rogha i bprionsabal, ach ba annamh a baineadh úsáid aisti. Bheadh sé ina chabhair, i bhfianaise infheistíocht a dhéanamh ar fhorbairt shocheacnamaíoch go héifeachtúil agus i bhfianaise ullmhúcháin um beartas comhtháthaithe, an rogha sin a choimeád agus é a dhéanamh follasach ar leibhéal rialachán IPA III.*

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Leithdháilfear go táscach suas le ***3*** % den imchlúdach airgeadais ar chláir chomhair thrasteorann idir na tairbhithe a liostaítear in Iarscríbhinn I agus na Ballstáit, ar aon dul lena gcuid riachtanas agus tosaíochtaí. | 1. Leithdháilfear go táscach suas le 3 % den imchlúdach airgeadais ar chláir chomhair thrasteorann idir na tairbhithe a liostaítear in Iarscríbhinn I agus na Ballstáit, ar aon dul lena gcuid riachtanas agus tosaíochtaí. ***Áireofar leis sin tacaíocht d'fhothú acmhainní ar an leibhéal áitiúil agus réigiúnach.*** |

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. I gcás ina dtrasuífidh tairbhí reachtaíocht AE ábhartha go hiomlán, agus ina léireofar gurb ann do chumais riaracháin chun an reachtaíocht sin a chur i bhfeidhm, féadfaidh an Coimisiún Eorpach a chinneadh úsáid rialacha náisiúnta a cheadú le haghaidh iarratais ar chistiú a roghnú agus le haghaidh conarthaí a dhamhachtain faoi IPA III, faoi réir rialuithe ex-post, agus na féidearthachta an ceadú sin a aistarraingt i gcás neamhrialtachtaí sistéamacha.*** |

*Réasúnú*

*Tá an cur chun feidhme i bhfad níos casta agus costasaí de bharr an ghá le Treoir Phraiticiúil AE (PRAG) a úsáid le haghaidh deontais agus tairiscintí a dhamhachtain faoi IPA.*

*Tá sé sin fíor go háirithe maidir le gníomhaíochtaí i ndáil le forbairt shocheacnamaíoch (e.g. scéimeanna deontais, ionstraimí airgeadais, etc.) Ar an iomlán, tá ábharthacht theoranta ag PRAG le haghaidh ullmhúchán na dtairbhithe chun beartas comhtháthaithe a chur chun feidhme tar éis aontachas a bhaint amach. Dá bhrí sin, i gcás ina gcuirfidh tairbhí reachtaíocht AE ábhartha chun feidhme go rathúil, ba cheart go bhféadfar na rialacha náisiúnta comhchuibhithe a chur i bhfeidhm in ionad PRAG.*

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Caibidil 6 – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| FAIREACHÁN AGUS ***MEASTÓIREACHT*** | FAIREACHÁN, ***MEASTÓIREACHT*** AGUS ***INFHEICTHEACHT*** |

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Faireachán, iniúchadh, meastóireacht agus cosaint leasanna airgeadais an Aontais | Faireachán, iniúchadh, meastóireacht***, infheictheacht*** agus cosaint leasanna airgeadais an Aontais |

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Ina theannta sin, i ngach tír is tairbhí, déanfaidh an Coimisiún agus na húdaráis náisiúnta Coiste Faireacháin IPA III a bhunú go comhpháirteach bunaithe ar chomhpháirtíocht, agus ionadaíocht chothrom idir údaráis náisiúnta ábhartha, páirtithe sóisialta, lucht acadúil agus na hionadaithe ó eagraíochtaí na sochaí sóisialta. Tiocfaidh an Coiste Faireacháin le chéile uair sa bhliain ar a laghad, agus déanfar plé maidir leis*** |
| | ***(a) na tosaíochtaí IPA III a bheartaítear sa tír is iarrthóir i gcomhthéacs an phróisis chlársceidealaithe;*** |

| | |
|---|---|
| | ***(b) dul chun cinn maidir le cur chun feidhme, aon saincheisteanna a dhéanann difear do IPA III agus na bearta arna ndéanamh chun aghaidh a thabhairt orthu;*** |
| | ***(c) ranníocaíocht IPA III le próiseas aontachas an Aontais agus le hathchóirithe socheacnamaíocha lena mbaineann;*** |
| | ***(d) tuarascálacha faireacháin agus meastóireachtaí ar ghníomhaíochtaí agus cláir IPA III;*** |
| | ***(e) gníomhaíochtaí cumarsáide agus infheictheachta*** |
| | ***(f) dul chun cinn arna dhéanamh maidir le hullmhúchán chun beartas comhtháthaithe an Aontais a chur chun feidhme tar éis aontachas a bhaint amach.*** |

*Réasúnú*

*Níl aon fhorálacha sonracha sa chaibidil de Rialachán NDIDI dá dtagraítear maidir leis an gcreat institiúideach um fhaireachán. Chun leanúint de chleachtas IPA reatha a fhorbairt tuilleadh, ba cheart go ndéanfaí an creat institiúideach sin a fhorbairt bunaithe ar Choiste Faireacháin bunaithe ar chleachtas beartais comhtháthaithe, agus béim ar leith á leagan ar chomhpháirtíocht leis na geallsealbhóirí náisiúnta ábhartha, lena n-áirítear an tsochaí shibhialta.*

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 5 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***5a. Áiritheoidh gach Ballstát agus gach tairbhí dá dtagraítear in Iarscríbhinn I, go mbeidh an tacaíocht faoin ionstraim seo infheicthe, go háirithe i ndáil le hoibríochtaí a bhfuil tábhacht straitéiseach acu.*** |

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 5 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***5b. Agus gníomhaíochtaí infheictheachta agus cumarsáide á ndéanamh acu, déanfaidh na Ballstáit, na húdaráis agus na tairbhithe dá dtagraítear in Iarscríbhinn I suaitheantas an Aontais Eorpaigh a úsáid.*** |

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 5 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***5c. I ndáil leis an tacaíocht arna soláthar leis an Rialachán seo, déanfaidh gach tairbhí dá dtagraítear in Iarscríbhinn I comhordaitheoir cumarsáide le haghaidh gníomhaíochtaí infheictheachta agus cumarsáide a ainmniú. Déanfaidh an comhordaitheoir cumarsáide gníomhaíochtaí cumarsáide agus infheictheachta a chomhordú agus fíoróidh sé na bearta infheictheachta i dtrácht, i gcomhar leis an gCoimisiún.*** |

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 5 d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***5d. Rithfidh an Coimisiún líonra a bheidh comhdhéanta de chomhordaitheoirí cumarsáide agus ionadaithe ón gCoimisiún chun faisnéis faoi ghníomhaíochtaí infheictheachta agus cumarsáide a mhalartú.*** |

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 5 e (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***5e. I gcás nach gcomhlíonann an tairbhí a oibleagáidí faoi mhíreanna 5a, 5b agus 5c, féadfar suas le 5 % den tacaíocht don oibríocht lena mbaineann a chur ar ceal.*** |

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II - mír 1 - pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) Feidhmiú ceart na n-institiúidí is gá a bhunú agus a chur chun cinn go luath a bhfuil gá leis chun an smacht reachta a chinntiú. Sa réimse seo, díreoidh idirghabhálacha sa réimse seo ar na haidhmeanna seo a leanas: córais bhreithiúnacha atá neamhspleách, cuntasach agus éifeachtúil a chur ar bun, lena n-áirítear córais maidir le hardú céime, le meastóireacht agus le hearcaíocht a bheidh trédhearcach agus bunaithe ar fhiúntas agus comhar breithiúnach a chur chun cinn agus nósanna imeachta éifeachtacha araíonachta i gcás éagóra; a áirithiú go mbunófar córais stóinseacha chun na teorainneacha a chosaint, sreafaí imirce a ***bhainistiú*** agus tearmann a chur ar fáil dóibh siúd atá ina ghátar; uirlisí éifeachtacha a fhorbairt chun coireacht eagraithe, gáinneáil ar dhaoine, smuigleáil imirceach, sciúradh airgid/maoiniú sceimhlitheoireachta agus éilliú a chosc agus a chomhrac; cearta an duine a chur chun cinn agus a chosaint, cearta daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad lena n-áirítear na Romaigh, ***mar aon le daoine leispiacha, aeracha, déghnéasacha, trasinscneacha agus idirinscneacha agus na saoirsí*** | (a) Feidhmiú ceart na n-institiúidí is gá a bhunú agus a chur chun cinn go luath a bhfuil gá leis chun an smacht reachta a chinntiú. Sa réimse seo, díreoidh idirghabhálacha sa réimse seo ar na haidhmeanna seo a leanas: córais bhreithiúnacha atá neamhspleách, cuntasach agus éifeachtúil a chur ar bun, lena n-áirítear córais maidir le hardú céime, le meastóireacht agus le hearcaíocht a bheidh trédhearcach agus bunaithe ar fhiúntas agus comhar breithiúnach a chur chun cinn agus nósanna imeachta éifeachtacha araíonachta i gcás éagóra; lena áirithiú go mbunófar córais stóinseacha chun na teorainneacha a chosaint, ***srian*** a chur le sreabha imirce agus tearmann a chur ar fáil dóibh siúd a bhfuil sin uathu; uirlisí éifeachtacha a fhorbairt chun coireacht eagraithe, gáinneáil ar dhaoine, smuigleáil imirceach, sciúradh airgid/maoiniú sceimhlitheoireachta agus éilliú a chosc agus a chomhrac; cearta an duine, cearta daoine ar de ghrúpaí mionlaigh ***náisiúnta, eitneacha, teanga agus eile*** iad a chur chun cinn agus a chosaint lena n-áirítear na Romaigh, ***éagsúlacht chultúrtha agus*** |

***bunúsacha***, ***lena n-áirítear*** saoirse na meán agus cosaint sonraí. | ***teanga***, saoirse na meán agus cosaint sonraí ***a chosaint agus a chur chun cinn***.

**Leasú 42**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) Riaracháin phoibliú a athchóiriú i gcomhréir le Prionsabail an Riaracháin Phoiblí. Díreoidh idirghabhálacha ar na haidhmeanna seo a leanas: creata athchóirithe riaracháin phoiblí a neartú; pleanáil straitéiseach agus forbairt beartais agus reachtaíochta bunaithe ar fhianaise a fheabhsú; gairmiúlú agus dípholaitiú na seirbhíse poiblí a fheabhsú trí phrionsabail atá bunaithe ar fhiúntas a neadú; trédhearcacht agus cuntasacht a chur chun cinn; cáilíocht agus seachadadh seirbhísí a fheabhsú, lena n-áirítear nósanna imeachta leordhóthanacha agus r-Rialtas dírithe ar shaoránaigh a úsáid; bainistíocht airgeadais phoiblí a neartú agus staitisticí iontaofa a tháirgeadh. | (b) Riaracháin phoiblí a athchóiriú ***ar gach leibhéal*** i gcomhréir le Prionsabail an Riaracháin Phoiblí. Díreoidh idirghabhálacha ar na haidhmeanna seo a leanas: creata athchóirithe riaracháin phoiblí a neartú; pleanáil straitéiseach agus forbairt beartais agus reachtaíochta bunaithe ar fhianaise a fheabhsú; gairmiúlú agus dípholaitiú na seirbhíse poiblí a fheabhsú trí phrionsabail atá bunaithe ar fhiúntas a neadú; trédhearcacht agus cuntasacht a chur chun cinn; cáilíocht agus seachadadh seirbhísí a fheabhsú, lena n-áirítear nósanna imeachta riaracháin leordhóthanacha agus r-Rialtas dírithe ar shaoránaigh a úsáid; bainistíocht airgeadais phoiblí a neartú agus staitisticí iontaofa a tháirgeadh***; dílárú a neartú.*** |

**Leasú 43**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – mír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) Rialachas eacnamaíoch a neartú: Is é an aidhm a bheidh le hidirghabhálacha tacú le rannpháirtíocht i bpróiseas an chláir choigeartaithe eacnamaíoch agus le comhar córasach le hinstitiúidí airgeadais maidir le bunphrionsabail beartais eacnamaíoch. An acmhainneacht chun cobhsaíocht mhacraeacnamaíoch a fheabhsú agus tacú le dul chun cinn i dtreo geilleagar margaidh lánfheidhmeach a mbeidh sé d'acmhainn aige dul i ngleic le brúanna iomaíochais | (c) Rialachas eacnamaíoch a neartú: Is é an aidhm a bheidh le hidirghabhálacha tacú le rannpháirtíocht i bpróiseas an chláir athchóirithe eacnamaíoch agus le comhar sistéimeach le hinstitiúidí airgeadais idirnáisiúnta maidir le bunphrionsabail an bheartais eacnamaíoch. An acmhainneacht chun cobhsaíocht mhacraeacnamaíoch a fheabhsú agus tacú le dul chun cinn i dtreo geilleagar margaidh lánfheidhmeach***, lena n-áirítear an fhiontraíocht a neartú,*** a |

agus fórsaí margaidh laistigh den Aontas;

mbeidh sé d'acmhainn aige dul i ngleic le brúnna iomaíochais agus fórsaí margaidh laistigh den Aontas;

**Leasú 44**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – mír 1 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) Acmhainneacht an Aontais agus a chuid comhpháirtithe a neartú chun coinbhleacht a chosc, an tsíocháin a chothú agus aghaidh a thabhairt ar staideanna réamhghéarchéime agus ar staideanna iar-ghéarchéime lena n-áirítear trí luathrabhadh agus trí anailís riosca íogair ó thaobh coinbhleachta de; líonrú idir daoine, athmhuintearas, tógáil na síochana agus bearta tógála muiníne a chur chun cinn, lena dtacaítear le fothú acmhainneachta chun tacú leis an tslándáil agus an fhorbairt (CBSD). | (d) Acmhainneacht an Aontas agus a chuid comhpháirtithe a neartú chun coinbhleacht a chosc, an tsíocháin agus ***an chobhsaíocht*** a chothú agus aghaidh a thabhairt ar staideanna réamhghéarchéime agus ar staideanna iar-ghéarchéime lena n-áirítear trí luathrabhadh agus anailís riosca íogair ó thaobh coinbhleachta de; líonrú idir daoine, athmhuintearas ***agus dea-chaidreamh comharsanachta*** idir tógáil na síochana agus bearta tógála muiníne a chur chun cinn, lena dtacaítear le fothú acmhainneachta chun tacú le bearta slándála agus forbartha (CBSD)***; rannchuidiú le cosaint agus le cibearchosaint na dtairbheoirí a liostaítear in Iarscríbhinn I; na cumais i dtaca le cumarsáid straitéiseach a neartú chun bréagfhaisnéis a nochtadh ar bhonn córasach***. |

**Leasú 45**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – mír 1 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) An cumas atá ag eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus eagraíochtaí na gcomhpháirtithe sóisialta a neartú, lena n-áirítear comhlachais ghairmiúla, maidir le tairbhithe a liostaítear in Iarscríbhinn I agus chun líonrú a spreagadh i measc eagraíochtaí atá lonnaithe san Aontas agus | (e) An cumas atá ag eagraíochtaí na sochaí sibhialta***, meáin neamhspleácha*** agus eagraíochtaí na gcomhpháirtithe sóisialta a neartú, lena n-áirítear comhlachais ghairmiúla, maidir le tairbhithe a liostaítear in Iarscríbhinn I agus chun líonrú a spreagadh i measc |

| | |
|---|---|
| iadsan atá ag tairbhithe a liostaítear i Iarscríbhinn I ar gach leibhéal, le go mbeidís in ann bheith páirteach in idirphlé éifeachtach le gníomhaithe poiblí agus príobháideacha. | eagraíochtaí atá lonnaithe san Aontas agus iadsan atá ag tairbhithe a liostaítear i Iarscríbhinn I ar gach leibhéal, le go mbeidís in ann bheith páirteach in idirphlé éifeachtach le gníomhaithe poiblí agus príobháideacha. |

**Leasú 46**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II– mír 1 – pointe f a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(fa) rialachas áitiúil agus réigiúnach a chur chun cinn agus tacú le pleanáil agus riarachán na n-údarás áitiúil agus réigiúnach.*** |

**Leasú 47**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – mír 1 – pointe g**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (g) Cáilíocht oideachais, oiliúna agus foghlamtha ar feadh an tsaoil a neartú agus rochtain a thabhairt orthu ar gach leibhéal, agus tacaíocht a thabhairt d’earnálacha cultúrtha agus cruthaitheacha. Sa réimse seo, díreoidh idirghabhálacha sa réimse seo ar na haidhmeanna seo a leanas: rochtain chothrom ar oideachas luath-óige agus cúram ar cháilíocht ard, ar oideachas bunscolaíochta agus ar mheánscolaíocht a chur chun cinn, lena ndéanfar soláthar bunscileanna a fheabhsú; leibhéil oideachasúla níos airde a bhaint amach, fágáil luath na scoile a laghdú agus oiliúint múinteoirí a threisiú. Córais ghairmoideachais agus ghairmoiliúna a fhorbairt agus córais foghlamtha obairbhunaithe chun an t-aistriú chuig an margadh saothair a éascú; caighdeán agus ábharthacht an ardoideachais a fheabhsú; gníomhaíochtaí i dtaca le alumni a | (g) Cáilíocht oideachais, oiliúna agus foghlamtha ar feadh an tsaoil a neartú agus rochtain a thabhairt air ar gach leibhéal, agus tacaíocht a thabhairt d’earnálacha cultúrtha, cruthaitheacha agus ***digiteach***. Sa réimse seo, díreoidh idirghabhálacha sa réimse seo ar na haidhmeanna seo a leanas: rochtain chothrom ar oideachas luath-óige agus cúram ar cháilíocht ard, ar oideachas bunscolaíochta agus ar mheánscolaíocht a chur chun cinn, lena ndéanfar soláthar bunscileanna a fheabhsú; leibhéil oideachasúla níos airde a bhaint amach, fágáil luath na scoile a laghdú agus oiliúint múinteoirí a threisiú. Córais ghairmoideachais agus ghairmoiliúna a fhorbairt agus córais foghlamtha obairbhunaithe chun an t-aistriú chuig an margadh saothair a éascú; cáilíocht agus ábharthacht an ardoideachais a fheabhsú; gníomhaíochtaí i dtaca le alumni a |

| | |
|---|---|
| spreagadh; rochtain ar an bhfoghlaim ar feadh an tsaoil a fheabhsú, agus tacú le hinfheistíochtaí i mbonneagar an oideachais agus na hoiliúna; go háirithe d'fhonn éagsúlachtaí críochacha a laghdú agus chun oideachas neamhscartha a chothú, lena n-áirítear trí theicneolaíochtaí digiteacha a úsáid. | spreagadh; rochtain ar an bhfoghlaim ar feadh an tsaoil a fheabhsú, agus tacú le hinfheistíochtaí i mbonneagar an oideachais agus na hoiliúna; go háirithe d'fhonn éagsúlachtaí críochacha a laghdú agus chun oideachas neamhscartha a chothú, lena n-áirítear trí theicneolaíochtaí digiteacha a úsáid. |

**Leasú 48**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – mír 1 – pointe h**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (h) Fostaíocht d'ardchaighdeán agus rochtain ar an margadh saothair a chothú. Sa réimse seo, díreoidh idirghabhálacha sa réimse seo ar na haidhmeanna seo a leanas: dul i ngleic le dífhostaíocht ard agus le neamhghníomhaíocht trí thacú le lánpháirtiú inbhuanaithe sa mhargadh saothair go háirithe i dtaca le daoine óga (go háirithe iad siúd nach bhfuil i mbun fostaíochta, oideachais, ná oiliúna (NEET)), mná, daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach agus gach grúpa faoi ghannionadaíocht. Leis na bearta, déanfar fostaíocht d'ardcháilíocht a spreagadh agus tacófar le rialacha agus caighdeáin margaidh saothair a fhorfheidhmiú go héifeachtach ar fud na críche ar fad. Príomhréimsí idirghabhála eile a bheidh ann ná tacú le comhionannas inscne, infhostaitheacht agus táirgeacht a chur chun cinn, oibrithe agus fiontair a chur in oiriúint d'athrú, idirphlé sóisialta inbhuanaithe a chur ar bun mar aon le hinstitiúidí mhargadh an tsaothair a nuachóiriú agus a neartú, amhail seirbhísí fostaíochta poiblí agus cigireachtaí saothair. | (h) Fostaíocht d'ardchaighdeán agus rochtain ar an margadh saothair a chothú. Sa réimse seo, díreoidh idirghabhálacha sa réimse seo ar na haidhmeanna seo a leanas: dul i ngleic le dífhostaíocht ard agus le neamhghníomhaíocht trí thacú le lánpháirtiú inbhuanaithe sa mhargadh saothair go háirithe i dtaca le daoine óga (go háirithe iad siúd nach bhfuil i mbun fostaíochta, oideachais, ná oiliúna (NEET)), mná, daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach agus gach grúpa faoi ghannionadaíocht. Leis na bearta, déanfar fostaíocht d'ardcháilíocht a spreagadh agus tacófar le rialacha agus caighdeáin margaidh saothair a fhorfheidhmiú go héifeachtach ar fud na críche ar fad. Príomhréimsí idirghabhála eile a bheidh ann ná tacú le ***fiontraíocht agus féinfhostaíocht,*** comhionannas inscne, infhostaitheacht agus táirgeacht ***a chur chun cinn***, oibrithe agus fiontair a chur in oiriúint d'athrú, idirphlé sóisialta inbhuanaithe a chur ar bun mar aon le hinstitiúidí de chuid an mhargaidh saothair a nuachóiriú agus a neartú, amhail seirbhísí fostaíochta poiblí agus cigireachtaí saothair. |

**Leasú 49**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – mír 1 – pointe i**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) Cosaint agus cuimsiú sóisialta a chur chun cinn agus an bhochtaineacht a chomhrac. Is é an aidhm a bheidh le hidirghabhálacha sa réimse seo córais chosanta sóisialta a nuachóiriú chun cosaint éifeachtach, éifeachtúil agus leordhóthanach a chur ar fáil ag gach céim de shaol duine, cuimsiú sóisialta a chothú, comhionannas deiseanna a chur chun cinn agus aghaidh a thabhairt ar éagothroime agus ar an bhochtaineacht. Sa réimse seo, díreoidh idirghabhálacha ar na haidhmeanna seo a leanas: ar lánpháirtiú pobal imeallaithe amhail na Romaigh; idirdhealú atá bunaithe ar ghnéas, ar thionscnamh ciníoch nó eitneach, ar reiligiún nó ar chreideamh, ar mhíchumas, ar aois nó ar ghnéaschlaonadh a chomhrac; rochtain ar sheirbhísí inacmhainne, inbhuanaithe ardcháilíochta a fheabhsú, amhail oideachas agus cúram luath-óige, tithíocht, cúram sláinte agus seirbhísí sóisialta ríthábhachtacha agus cúram fadtéarmach, lena n-áirítear trí chórais cosanta sóisialta a nuachóiriú. | (i) Cosaint agus cuimsiú sóisialta a chur chun cinn agus an bhochtaineacht a chomhrac. Is é an aidhm a bheidh le hidirghabhálacha sa réimse seo córais chosanta sóisialta a nuachóiriú chun cosaint éifeachtach, éifeachtúil agus leordhóthanach a chur ar fáil ag gach céim de shaol duine, cuimsiú sóisialta a chothú, comhdheiseanna a chur chun cinn agus aghaidh a thabhairt ar neamhionannais agus ar an bhochtaineacht. Sa réimse seo, díreoidh idirghabhálacha ar na haidhmeanna seo a leanas: ar lánpháirtiú pobal imeallaithe amhail na Romaigh; idirdhealú atá bunaithe ar ghnéas, ar thionscnamh ciníoch nó eitneach, ***ar náisiúntacht, ar theanga,*** ar reiligiún nó ar chreideamh, ar mhíchumas, ar aois nó ar ghnéaschlaonadh a chomhrac; rochtain ar sheirbhísí inacmhainne, inbhuanaithe ardcháilíochta a fheabhsú, amhail oideachas agus cúram luath-óige, tithíocht, cúram sláinte agus seirbhísí sóisialta ríthábhachtacha agus cúram fadtéarmach, lena n-áirítear trí chórais cosanta sóisialta a nuachóiriú. |

**Leasú 50**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – mír 1 – pointe j**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (j) Iompar cliste, inbhuanaithe, cuimsithitheach, slán a chur chun cinn agus scroigeanna tráchta a fhuascailt i bonneagar ríthábhachtacha líonraí trí infheistiú i dtionscadail a bhfuil breisluach Eorpach faoi leith ag baint leo. Ba cheart infheistíochtaí a chur in ord tosaíochta de | (j) Iompar cliste, inbhuanaithe, cuimsithitheach, slán a chur chun cinn agus scroigeanna tráchta a fhuascailt i bonneagar ríthábhachtacha líonraí trí infheistiú i dtionscadail a bhfuil breisluach Eorpach faoi leith ag baint leo. Ba cheart infheistíochtaí a chur in ord tosaíochta de |

| | |
|---|---|
| réir a ábhartha atá siad maidir le naisc TEN-T leis an Aontas Eorpach, a rannchuidiú le soghluaisteacht inbhuanaithe, astaíochtaí laghdaithe, tionchar ar an gcomhshaol, soghluaisteacht shlán, i sineirgíocht le hathchóirithe arna gcur chun cinn ag an gConradh um Chomhphobal Iompair. | réir a ábhartha atá siad maidir le naisc TEN-T leis an Aontas Eorpach***, a naisc thrasteorann,*** a rannchuidiú le soghluaisteacht inbhuanaithe, astaíochtaí laghdaithe, tionchar ar an gcomhshaol, soghluaisteacht shlán, i sineirgíocht le hathchóirithe arna gcur chun cinn ag an gConradh um Chomhphobal Iompair. |

**Leasú 51**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – mír 1 – pointe k**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (k) Timpeallacht na hearnála príobháidí a fheabhsú mar aon le hiomaíochas na bhfiontar, lena n-áirítear speisialtóireacht chliste, mar phríomhspreagthaí don fhás, do phoist a chruthú agus don lánpháirtiú. Tabharfar tosaíocht do thionscadail a fheabhsaíonn an timpeallacht ghnó. | (k) Timpeallacht na hearnála príobháidí a fheabhsú mar aon le hiomaíochas na bhfiontar ***agus na fiontraíochta***, lena n-áirítear speisialtóireacht chliste, mar phríomhspreagthaí don fhás, do phoist a chruthú agus don lánpháirtiú. Tabharfar tosaíocht do thionscadail a fheabhsaíonn an timpeallacht ghnó. |

**Leasú 52**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – mír 1 – pointe m**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (m) Cuidiú leis an tslándáil agus leis an tsábháilteacht maidir le soláthar an bhia agus córais fheirmeoireachta inmharthana agus éagsúla a choimeád ar bun i bpobail bheoga thuaithe agus amuigh faoin tuath. | (m) Cuidiú leis an tslándáil agus leis an tsábháilteacht maidir le soláthar an bhia agus ***an uisce*** agus córais fheirmeoireachta inmharthana agus éagsúla a choimeád ar bun i bpobail bheoga thuaithe agus amuigh faoin tuath. |

**Leasú 53**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn III - mír 1 - pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) an fhostaíocht, soghluaisteacht an lucht saothair agus cuimsiú sóisialta agus cultúrtha a chur chun cinn thar theorainneacha tríd an méid seo, inter alia: margaí trasteorann saothair a lánpháirtiú, lena n-áirítear soghluaisteacht thrasteorann; comhthionscnaimh áitiúla don fhostaíocht; seirbhísí faisnéise agus comhairliúcháin agus comhoiliúint; an comhionannas inscne; comhdheiseanna; pobail na n-imirceach agus grúpaí leochaileacha a lánpháirtiú; infheistíocht i seirbhísí poiblí fostaíochta; agus tacú le hinfheistíocht i seirbhísí poiblí sláinte agus sóisialta; | (a) an fhostaíocht, soghluaisteacht an lucht saothair agus cuimsiú sóisialta agus cultúrtha a chur chun cinn thar theorainneacha tríd an méid seo, inter alia: margaí trasteorann saothair a lánpháirtiú, lena n-áirítear soghluaisteacht thrasteorann; comhthionscnaimh áitiúla don fhostaíocht; seirbhísí faisnéise agus comhairliúcháin agus comhoiliúint; an comhionannas inscne; comhdheiseanna; ***éagsúlacht chultúrtha agus teanga a chur chun cinn;*** pobail na n-imirceach agus grúpaí leochaileacha a lánpháirtiú; infheistíocht i seirbhísí poiblí fostaíochta; agus tacú le hinfheistíocht i seirbhísí poiblí sláinte agus sóisialta; |

**Leasú 54**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn III – mír 1 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) an turasóireacht agus an oidhreacht chultúrtha agus nádúrtha a spreagadh; | (e) an turasóireacht***, spórt*** agus an oidhreacht chultúrtha agus nádúrtha a spreagadh; |

## NÓS IMEACHTA - COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Teideal** | lena mbunaítear Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA III) |
| **Tagairtí** | COM(2018)0465 – C8-0274/2018 – 2018/0247(COD) |
| **An Coiste freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | AFET<br>2.7.2018 |
| **Tuairim ó**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | REGI<br>2.7.2018 |
| **Rapóirtéir**<br>Dáta an cheapacháin | Joachim Zeller<br>20.6.2018 |
| **Pléite sa choiste** | 15.11.2018 |
| **Dáta an ghlactha** | 17.1.2019 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 31<br>–: 1<br>0: 3 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Pascal Arimont, Franc Bogovič, Rosa D'Amato, Tamás Deutsch, Aleksander Gabelic, Iratxe García Pérez, Michela Giuffrida, Marc Joulaud, Sławomir Kłosowski, Constanze Krehl, Louis-Joseph Manscour, Martina Michels, Iskra Mihaylova, Andrey Novakov, Younous Omarjee, Konstantinos Papadakis, Mirosław Piotrowski, Stanislav Polčák, Liliana Rodrigues, Fernando Ruas, Monika Smolková, Ruža Tomašić, Ramón Luis Valcárcel Siso, Monika Vana, Matthijs van Miltenburg, Lambert van Nistelrooij, Derek Vaughan, Kerstin Westphal, Joachim Zeller |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair don vótáil chríochnaitheach** | Andor Deli, John Howarth, Ivana Maletić, Bronis Ropė, Maria Gabriela Zoană, Damiano Zoffoli |

## TORADH NA VÓTÁLA CRÍOCHNAITHÍ LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 31 | + |
|---|---|
| ALDE | Iskra Mihaylova, Matthijs van Miltenburg |
| ECR | Sławomir Kłosowski, Mirosław Piotrowski, Ruža Tomašić |
| EFDD | Rosa D'Amato |
| PPE | Pascal Arimont, Franc Bogovič, Andor Deli, Marc Joulaud, Ivana Maletić, Lambert van Nistelrooij, Andrey Novakov, Stanislav Polčák, Fernando Ruas, Ramón Luis Valcárcel Siso, Joachim Zeller |
| S&D | Aleksander Gabelic, Iratxe García Pérez, Michela Giuffrida, John Howarth, Constanze Krehl, Louis-Joseph Manscour, Liliana Rodrigues, Monika Smolková, Derek Vaughan, Kerstin Westphal, Maria Gabriela Zoană, Damiano Zoffoli |
| VERTS/ALE | Bronis Ropė, Monika Vana |

| 1 | - |
|---|---|
| NI | Konstantinos Papadakis |

| 3 | 0 |
|---|---|
| GUE/NGL | Martina Michels, Younous Omarjee |
| PPE | Tamás Deutsch |

Eochair na siombailí:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh